Cásanna Samplacha 2011

Cás 1 An Scéim um Chaomhnú an Chomhshaoil Faoin Tuath (REPS) 3

Cuireadh tús le REPS 3 ar an 1 Samhain 2006 agus limistéar conartha 28.9ha ann ina leith agus rinneadh éileamh ar íocaíocht go dtí bliain 5 gan aon athrú ar an limistéar conartha sin. I rith mhí na Samhna 2010, chuir an Roinn in iúl don achomharcóir go rabhthas tar éis a fháil amach gur 28.52ha a bhí in achar an limistéir cháilithe a cinneadh chun críocha íocaíochta REPS agus, dá dhroim sin, go raibh gá le haisíoc a thabhairt i leith íocaíochtaí REPS i ndáil le limistéar breise 0.44ha a raibh éileamh déanta maidir leis.

Sa litir achomhairc, luaigh an Pleanálaí REPS go ndearnadh 28.52 ha, seachas 28.96ha, a chinneadh de réir iniúchadh na Roinne ach gur thaispeáin athbhreithniú ar an bplean gur cheart cur i leataobh 3.4ha a chur san áireamh ó bhliain 3 ar aghaidh agus, dá bharr sin, go raibh níos mó ná dóthain achair ann chun an difríocht a chinn an Roinn a chlúdach.

I gCiorclán REPS Uimh. 10/07 "Notification of Amendment to REPS 2, REPS 3 and REPS 4 Terms and Conditions – Reduction of Compulsory Set-aside to zero in 2008", dar dáta an 22 Samhain 2007, agus a eisíodh chuig gach Pleanálaí REPS agus chuig gach Gníomhaireacht Pleanála, luadh an méid seo a leanas: *"Arising from the European Commission reduction in compulsory set-aside to 0% in 2008 participants of all REPS schemes may declare set-aside land as forage or arable area on their 2008 single payment scheme application and qualify for REPS payment subject to the following:* ***Arable (SFP) Set-aside*** *- The change in REPS contract area must be notified to the local office of the department on the farmers annual REPS 1C form. REPS area for payment can be increased in line with reductions in set-aside area on eligible REPS land (i.e. owned or leased areas). No amended plan is necessary. Payment is conditional on the area claimed as arable or forage on the 2008 SFP application being farmed to REPS specifications".*

Scrúdaigh an tOifigeach Achomhairc foirmeacha REPS 1C do na blianta go léir agus ábhar an chomhaid REPS agus ní bhfuair sé nó sí aon fhianaise gur chuir an t-achomharcóir aon athrú ar an limistéar conartha in iúl de réir cheanglais Chiorclán 10/07. Ar REPS 1C an dara bliain a tíolacadh tar éis Chiorclán 10/07, bhí cur i leataobh 3.40ha curtha isteach ag an achomharcóir ach ba cheart an limistéar conartha a mhéadú chun íocaíocht a fháil maidir le seanlimistéar cur i leataobh agus ba cheart an limistéar cur i leataobh a fhágáil mar nialas. Sna foirmeacha REPS 1C ó bhliain 3 go bliain 5, luadh 0.00 mar chur i leataobh ach ní raibh aon mhéadú ann maidir leis an limistéar conartha. Ba é a bhí i gcinneadh an Oifigigh Achomhairc ná, maidir leis a talamh cur i leataobh, nár comhlíonadh na forálacha i gcomhair íocaíochta de réir mar atá leagtha amach i gCiorclán 10/07.

Thug an tOifigeach Achomhairc faoi deara go ndearna an t-achomharcóir, i rith bhliain 5, 0.47ha de thalamh a bhí ar cíos go gearrthéarmach a scriosadh ón iarratas réamhchlóite ar Scéim na hAoníocaíochta don bhliain 2010 agus go ndearna an Roinn an 0.47ha sin a asbhaint ón limistéar a bhí fágtha le linn an limistéar iníoctha a ríomh, agus bhí an asbhaint sin ar leithligh ó na hasbhaintí i leith na bplásán cur i leataobh, an tí agus na cúirtealáiste a bhí ann roimhe sin. Chinn an tOifigeach achomhairc go ndearna an Roinn, le linn seiceáil a dhéanamh ar an limistéar, asbhaint mhícheart a chur i bhfeidhm i leith an talaimh a bhí ar cíos go gearrthéarmach sa bhliain 2010. Maidir leis an limistéar a ríomhadh ó limistéar iomlán SPS 2010, lúide na hasbhaintí riachtanacha REPS agus lúide na seandáileachtaí cur i leataobh nach raibh éileamh déanta ina leith, cinneadh go raibh sé rud beag os cionn limistéar conartha REPS 3, is é sin, 28.96ha, agus nach raibh aon ró-éileamh ann. Ceadaíodh an t-achomharc.

Cás 2 Scéim na hAoníocaíochta (SPS)

Fuair an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara iarratas faoi SPS 2010 agus scrúdaigh an Roinn an t-iarratas sin. Cuireadh in iúl don achomharcóir go raibh éileamh déach déanta ag feirmeoir eile i leith dáileachtaí áirithe talaimh. D'éiligh an dá pháirtí teidlíocht chuig an talamh agus chuir an t-achomharcóir in iúl don Roinn go bhfuair sé an talamh ar cíos 'gan léarscáileanna' agus gur thuig sé go raibh sé sin ceadaithe, rud a d'fhág go raibh cead aige a theidlíochtaí iomlána SPS a éileamh. Ach, ós rud é nach raibh an talamh aige ar dháta áirithe, agus an 31 Bealtaine 2010 san áireamh, chinn an Roinn nár chomhlíon sé forálacha na scéime agus rinneadh pionós i leith ró-dhearbhaithe a chur i bhfeidhm. Ós rud é gur mhó an ró-dhearbhú ná 50% den achar talaimh a measadh a bheith cáilithe, rinneadh pionós íocaíochta nialais a chur i bhfeidhm sa bhliain 2010, mar aon le fíneáil riaracháin a bhí le híoc thar na trí bliana dá éis sin.

Le linn éisteachta ó bhéal, is é an míniú a thug an t-achomharcóir ná, d'ainneoin gurbh eisean an t-iarratasóir ar an scéim le tamall anuas, nach go dtí le déanaí a chuaigh sé féin i mbun foirmeacha na scéime a chomhlánú. Dúirt sé gur thuig sé go bhféadfadh sé talamh a fháil ar cíos go gearrthéarmach agus teidlíocht SPS a éileamh fós agus leas á bhaint as an talamh céanna sin. Dúirt sé go raibh an talamh ar cíos gan léarscáileanna agus go

raibh sé sin luaite go soiléir ar an sonrasc i leith an idirbhirt. Ní raibh sé cinnte conas a fuair an té a lig an talamh ar cíos na léarscáileanna. Dhaingnigh an t-achomharcóir go raibh eallach ag an bhfeirmeoir eile ar an talamh ar an 31 Bealtaine 2010 agus go raibh aire á tabhairt ar an eallach ag an bhfeirmeoir eile.

Le linn an cás seo a bhreithniú, thug an tOifigeach Achomhairc aird ar Rialacháin an AE, ar na Téarmaí agus na Coinníollacha agus ar phrionsabail an cheartais aiceanta. Go háirithe, tugadh aird ar an gceanglas a bhaineann le riail Bealtaine maidir le hinfhaighteacht talaimh, de réir mar a shonraítear sna Téarmaí agus Coinníollacha ina luaitear an méid seo a leanas: "*All of the hectares of land declared by you to support your claim must be subject to an agricultural activity by you for a period that includes 31 May 2010.*"

Dhaingnigh an t-achomharcóir nárbh eisean an duine a bhí i mbun na gníomhaíochta talmhaíochta ar an talamh ar an 31 Bealtaine 2010 agus nach raibh an talamh ar fáil dósan ar an dáta sin. Dá bhrí sin, cinneadh nár chomhlíon sé Téarmaí agus Coinníollacha na scéime. Tá aon chomhairle dá mhalairt mícheart. Más rud é, i gcomhréir le gnáthchleachtas feirmeoireachta, go ndéanann feirmeoir comhaontú cíosa nó comhaontú féaraigh i gcás aon chuid de na tailte a dhearbhaítear ar an dearbhú SPS tar éis an 31 Bealtaine, tá oibleagáid air/uirthi comhaontú cíosa i scríbhinn nó comhaontú féaraigh i scríbhinn a dhéanamh, ar comhaontú é ina n-áirítear faisnéis faoin dáta tosaithe agus faoin dáta críochnaithe, faoi na tailte atá i gceist, faoin líon ainmhithe i dtréada an dá pháirtí etc.

I gcás ina gcinntear go bhfuil cur i bhfeidhm pionóis i gceart, tá na pionóis leagtha amach i dTéarmaí agus Coinníollacha na Scéime. Ní féidir leis an Oifig Achomhairc Talmhaíochta na pionóis a cur ar leataobh ná a athrú in imthosca den sórt sin. Dícheadaíodh an t-achomharc.

Cás 3 Traschomhlíonadh maidir le Scéim na hAoníocaíochta

Rinne an t-achomharcóir iarratas ar SPS sa bhliain 2010. Rinne an Roinn Iniúchadh Talaimh SPS agus thángthas ar an gconclúid go raibh ró-dhearbhú maidir leis an achar. Go háirithe, diúltaíodh do chuid de dháileacht talaimh amháin ar an mbonn gur talamh mothrach a bhí ann agus é clúdaithe le scrobarnach, nach raibh aon ghníomhaíocht talmhaíochta ar siúl ar an talamh agus nach raibh sé á choimeád i Riocht Maith Talmhaíochta agus Timpeallachta.

Rinne an t-achomharcóir achomharc in aghaidh chinneadh na Roinne agus cheistigh sé léiriú na Roinne ar "gníomhaíocht talmhaíochta". Luaigh sé go raibh na tailte a bhí i gceist á gcoimeád i riocht maith talmhaíochta agus timpeallachta. Luaigh an t-achomharcóir go raibh fál thart ar an gcuid sin den talamh ós rud é go raibh sé fliuch agus luaigh sé gur chun críche innilte amháin a bhí sé nuair a bhíonn aimsir thirim ann sa samhradh, ach, ar an drochuair, nach ndearnadh innilt air sa bhliain 2010 mar gheall ar dhrochaimsir. Rinne an t-achomharcóir tagairt d'Iarscríbhinn III de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ina luaitear go bhfuil gá le leibhéal íosta cothabhála agus, dar leisean, chuir sé leibhéal íosta cothabhála i bhfeidhm. Thíolaic an Roinn grianghraif a bhí tógtha ag an oifigeach iniúchta le linn a iniúchadh a dhéanamh. Sna grianghraif, taispeánadh limistéar mothrach ina raibh scrobarnach, fraoch, toim bheaga, luachra agus riasc.

Le linn an cás seo a bhreithniú, bhí ar an Oifigeach Achomhairc aird a thabhairt ar Théarmaí agus Coinníollacha na scéime agus ar an reachtaíocht iomchuí AE. Go háirithe, tá mionsonraí le fáil i Roinn 4 de Théarmaí agus Coinníollacha SPS 2010 faoi thalamh atá cáilithe i gcomhair íocaíochtaí SPS agus luaitear an méid seo a leanas ann: is é atá i heicteár cáilithe ná talamh a úsáidtear le haghaidh gníomhaíochta talmhaíochta agus, i Roinn 5, is é an sainmhíniú a thugtar ar 'gníomhaíocht talmhaíochta' ná táirgí talmhaíochta a tháirgeadh, a thógáil nó a fhás ... nó an talamh a choimeád i riocht maith talmhaíochta agus timpeallachta de réir mar a bhunaítear faoi Airteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009. Rinneadh "*The Single Farm Payments Scheme - Guide to Cross Compliance*" a eisiúint chuig gach úinéir tréada i Márta 2005 agus tugtar mionsonraí faoi Dhea-Riocht Talmhaíochta agus Comhshaoil i Roinn A den leabhrán sin. Luaitear ann go bhfuil feidhm ag Dea-Riocht Talmhaíochta agus Comhshaoil maidir le gach feirmeoir i leith na dtailte go léir a ndéantar feirmeoireacht. Tá suntas ar leith ag baint le Roinn 4 (féach leathanach 6 agus 7) ina dtugtar mionsonraí faoin leibhéal íosta cothabhála atá ag teastáil i leith innilte cuí agus/nó cleachtas bainistithe gearrtha.

Ós rud é nach raibh aon ghníomhaíocht talmhaíochta á dhéanamh ag an achomharcóir nó nach raibh leibhéal íosta cothabhála ann a d'fhágfadh go mbeadh an talamh i ndea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil, chinn an tOifigeach Achomhairc go raibh an ceart ag an Roinn maidir lena cinneadh nach bhféadfaí a mheas gur achar cáilithe an talamh de réir mar a shainmhínítear faoin scéim. Dícheadaíodh an t-achomharc.

Cás 4 Traschomhlíonadh maidir le Scéim na hAoníocaíochta (SPS) agus maidir le Scéim an Liúntais Cúitimh do Limistéir Faoi Mhíbhuntáiste (DAS)

Bhí 54ha dearbhaithe ag an achomharcóir. Rinne an Roinn iniúchadh cáilitheachta agus dhiúltaigh sí do 11ha ar an mbonn nach raibh an dáileacht a raibh éileamh déanta ina leith fálaithe/stocdhíonach agus nach raibh aon fhianaise ar ghníomhaíocht feirmeoireachta ann. Luaigh an t-achomharcóir gur talamh léasaithe garbhfhéaraigh a bhí ann agus go raibh feirmeoireacht á déanamh air ó bhí an bhliain 1997 ann agus gur ghnách leis stoc a bhogadh isteach ann ós rud é go dtagann an fheirm bhaile faoi réir tuilithe. Bhí caoirigh ísealtalaimh agus eallach á dtógáil agus bhí an garbhfhéarach á úsáid chun uain a gheimhriú, le haghaidh caorach seasc tar éis diúil, mar fhéarach do láir i rith an gheimhridh nó aon uair a bhí féar tearc. Luaigh an t-achomharcóir gur fál leictreach ann mar fhál thart ar na tailte. Chuir an t-achomharcóir in iúl gur díobháladh go dona é nuair a thit sé i mí Iúil 2010 agus nach raibh sé in ann feirmeoireacht a dhéanamh dá bharr sin go dtí deireadh mhí Mheán Fómhair agus, dá bhrí sin, nár chuir sé caoirigh ar an ngarbhfhéarach i rith shamhradh na bliana 2010.

Dúirt comhairleoir an achomharcóra go raibh an talamh thart ar 2 mhíle ar shiúl ón mbunfheirm agus, mar thoradh ar stádas Limistéir Speisialta Caomhantais (SAC) an talaimh, go raibh rialacha agus srianta breise ann maidir leis an talamh agus nach mian leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra go mbeidh aon fhálú breise ná aon fhálú nua ann ar an talamh. Tá an talamh san áireamh i bplean agra-chomhshaoil an achomharcóra faoin Scéim um Chaomhnú an Chomhshaoil Faoin Tuath (REPS) ó bhí an bhliain 1997 ann agus luadh an méid seo a leanas sa phlean sin: "*light graze with cattle or sheep / maintain in its present undamaged condition/ continue present management..*" Dúirt an comhairleoir gur tháinig athrú ar rialacha SPS sa bhliain 2008, tráth a luadh go gcaithfeadh teorainneacha seachtracha a bheith stocdhíonach agus oiriúnach don fhiontraíocht fheirmeoireachta ach, roimh an mbliain 2008, chaithfeadh farae a bheith inrochtana agus ar fáil le haghaidh innilte gan aon iallach a bheith ann maidir le fálú. Dúirt an comhairleoir go raibh 25% go 30% den talamh clúdaithe le scrobarnach ach go raibh roinnt féaraigh ann faoin bhforchlúdach sin agus gur raithneach agus fraoch a bhí ann sa chuid eile. Dúirt an comhairleoir nach raibh aon ghá le fálú caorach ar thalamh cnocach ná ar thalamh sléibhtiúil nach gnách fálú a bheith ann go traidisiúnta agus, dá bhrí sin, nach raibh aon choinne le deacracht maidir le fálú ar an talamh seo. Dúirt ionadaí an achomharcóra gur gnách feirmeoireacht a dhéanamh ar an talamh ón gcéad seachtain i mí Iúil agus go gcuirtear fál in airde nuair atá an talamh á úsáid ach nach rabhthas in ann an talamh a fhálú mar gheall ar an díobháil. D'iarr sé go ndéanfaí an cás a bhreithniú mar chás force majeure.

I dTéarmaí agus Coinníollacha SPS 2010, luaitear an méid seo a leanas: "*for land to be eligible ...*
3. There must be appropriate fencing for the farming enterprise. Appropriate fencing means stock-proof fencing that will control the applicant's animals and also the neighbouring farmer's animals. In mountain/hill areas this generally means sheep fencing;
4. There must be defined external boundaries except in the case of commonage..."

Land maintenance
The land must be maintained in Good Agricultural and Environmental Condition (GAEC). As regards maintenance of mountain and hill land, generally the only way of keeping it in GAEC is by grazing it with livestock. The applicant must be in control of all land parcels declared, and the applicant must maintain stock-proof fencing."

Thug an tOifigeach Achomhairc dá aire gur talamh coimín amháin atá sonraithe i dTéarmaí agus Coinníollacha SPS mar thalamh atá díolmhaithe ón gceanglas maidir le fálú stocdhíonach a bheith ann ar thalamh cáilithe. Sa chás seo, tailte príobháideacha ar cíos a bhí ann agus níl aon eisiamh sonraithe ann sna Téarmaí agus Coinníollacha maidir leis an gceanglas a bhaineann le fálú fiú amháin i gcás nach raibh aon fhálú ann go traidisiúnta ar na tailte sin.

Nuair a rinneadh an t-iniúchadh i mí Lúnasa, ní bhfuarthas aon fhianaise ar ghníomhaíocht talmhaíochta agus ní raibh an dáileacht talaimh stocdhíonach. De réir an Oifigigh a rinne an t-iniúchadh, bhí teorainn amháin fálaithe ach bhí na teorainneacha eile oscailte, bhí fianaise ann ar chuid mhór scrobarnaí in áiteanna áirithe, mar aon le toim scaipthe thart ar an dáileacht, agus ní raibh aon fhianaise ar ghníomhaíocht feirmeoireachta ann ar an talamh.

Dhaingnigh an fhianaise liachta gur tharla an tionóisc i mí Iúil 2010, ar dháta é a thit tar éis an t-iarratas a dhéanamh ar SPS 2010. Ghlac an tOifigeach Achomhairc leis gur chuir an díobháil srian ar chumas an achomharcóra chun feirmeoireacht a dhéanamh. Ar an drochuair, bhí an t-iarratas déanta an tráth sin maidir leis an dáileacht, á rá go raibh an talamh cáilithe agus gur chomhlíon sé ceanglais SPS, agus bhí dáta an 31 Bealtaine

2010 i gcomhair cáilitheachta thart. Chomh maith leis sin, bhí an talamh san áireamh in iarratais roimhe sin ar SPS agus bhí dóthain ama ann chun an ceanglas maidir le stocdhíonacht a chomhlíonadh. Maidir leis an bplean reatha REPS, ní raibh aon tagairt ann do dhíolúine ó fhálú a bheith ann i leith na dteorainneacha.

Níor ghlac an tOifigeach Achomhairc leis gur mhaolaigh an díobháil a tharla na ceanglais maidir leis an talamh a bheith stocdhíonach de réir mar atá leagtha amach i dTéarmaí agus Coinníollacha SPS 2010. Dícheadaíodh an t-achomharc.

Cás 5 Scéim na hAoníocaíochta (SPS) - Níotráití

Rinne an Roinn iniúchadh ar fheirm an achomharcóra i Márta 2010 thar ceann an údaráis áitiúil i ndáil leis na Rialacháin maidir le Dea-Chleachtas Talmhaíochta chun Uiscí a Chosaint (na Rialacháin um Níotráití). Seo a leanas na cinntí ar thángthas orthu mar thoradh ar an iniúchadh:

- ní raibh uisce glan á chlaonadh chuig sruth éalaithe uisce ghlain chun íoslaghdú a dhéanamh ar ghiniúint uisce shalaigh;
- bhí fianaise ann ar bhailiú neamhdhóthanach aoiligh leachtaigh, leasacháin orgánaigh agus uisce shalaigh;
- maidir le murlaigh chré-líneáilte a bhí ann ar an ngabháltas chun leacht nite ó bhleálann, leasachán orgánach agus uisce salach a stóráil, níor chomhlíon siad sonraíochta na Roinne maidir le stóráil.

Ba é a bhí sa toradh foriomlán i dtaca le traschomhlíonadh ná smachtbhanna 20%.

D'iarr an t-achomharcóir ar an Roinn athbhreithniú a dhéanamh agus rinne sé fianaise a sholáthar ar mhodh samplaí uisce a tógadh ó phoill tástála ar an bhfeirm in áit a bhí tadhlach leis na murlaigh agus ní raibh aon truailliú ann sna samplaí sin. Luaigh an Roinn ina freagra go ndearnadh an smachtbhanna intinne a chur i bhfeidhm ós rud é go raibh eisiltigh ó chlóis agus ó fhoirgnimh ghaolmhara á stóráil i ndéanmhais cré-líneáilte a measadh a bheith mí-oiriúnach. Measadh go raibh a fhios ag an achomharcóir gur tharla an sárú agus gur chóir smachtbhanna intinne a fhorchur dá bharr sin. Rinne an Roinn na doiciméid a cuireadh faoina bráid, mar aon leis na saoráidí eile rialaithe truaillithe ar an bhfeirm, a bhreithniú agus laghdaigh sí an pionós ó 20% go 15%.

Le linn na héisteachta ó bhéal, níor chuir an t-achomharcóir i gcoinne an ráitis nach raibh uisce glan á chlaonadh chuig sruth éalaithe uisce ghlain chun íoslaghdú a dhéanamh ar ghiniúint uisce shalaigh agus dúirt sé gur ceartaíodh é sin ina dhiaidh sin. Luaigh sé go ndearnadh an murlach a athnuachan agus a mhéadú agus nach raibh aon truailliú ann i samplaí uisce a tógadh. Rinne an t-achomharcóir díospóid faoin smachtbhanna intinne a cuireadh i bhfeidhm.

Le linn an cás a bhreithniú, thug an tOifigeach Achomhairc aird ar Rialacháin an AE lena rialaítear SPS de réir mar atá leagtha amach sna Téarmaí agus Coinníollacha. Thug an tOifigeach Achomhairc dá aire go bhfuarthas amach, le linn iniúchadh na Roinne, go raibh riosca ann go silfeadh uisce ón gclós agus go bhféadfadh an t-uisce sin dul isteach sa sruthchúrsa go díreach/go neamhdhíreach. Ba chóir smachtbhanna a fhorchur de bharr an riosca sin a bheith ann. Cinneadh go raibh an ceart ag an Roinn maidir le smachtbhanna a fhorchur mar go bhfuarthas amach gur bhain riosca ionchasach leis na déanmhais. Luadh gur mheas an t-údarás áitiúil go raibh na déanmhais inghlactha tar éis oibreacha feabhsúcháin a dhéanamh.

Chinn an tOifigeach Achomhairc go raibh riosca truaillithe ann ach go bhféadfaí a mheas gur faillí ba chúis leis sin seachas é a bheith ann go hintinneach. De réir na ndoiciméad a soláthraíodh, tugadh faoi deara nach raibh dochar déanta do shamplaí uisce. Glacadh leis go ndearnadh oibreacha ar na déanmhais chun íoslaghdú a dhéanamh ar aon rioscaí ina dhiaidh sin. Dá réir sin, chinn an tOifigeach Achomhairc gur chóir pionós a chur i bhfeidhm sa chás seo ach gur cheart é a laghdú go dtí 5%. Ceadaíodh an t-achomharc go páirteach.

Cás 6 An Scéim um Chaomhnú an Chomhshaoil Faoin Tuath (REPS) 3

Thosaigh an t-achomharcóir ar REPS 3 ar an 1 Samhain 2006. Rinne an Roinn iniúchadh ar ghabháltas an achomharcóra i mBealtaine 2010 agus fuarthas amach go rabhthas tar éis fáltas sceach a thabhairt chun bealaigh idir plásáin in dhá áit. Cuireadh pionós 100% i bhfeidhm.

Rinne an t-achomharcóir achomharc in aghaidh an chinnidh ar an bhforas nach fál sceach an limistéar a bhí marcáilte mar fhál sceach ar cheann amháin de na plásáin ach gur driseacha a bhí ann agus go raibh siad tar éis fás ar ithir dhumpáilte. D'áitigh sé go ndearna a phleanálaí an limistéar sin a mharcáil, de dhearmad, mar fhál sceach. Maidir leis an dara plásán, rinne an t-achomharcóir achomharc ar an bhforas go ndearna conraitheoir an fál sceach a thabhairt chun bealaigh de dhearmad agus i ngan fhios dó féin. Bhíothas tar éis a iarraidh ar an achomharcóir slacht a chur ar an bhfál sceach idir dhá phlásán áirithe mar go raibh sé ag síneadh thar cheart slí. D'áitigh an t-achomharcóir nach raibh sé i láthair ar an bhfeirm an tráth a rinneadh an obair agus nuair a d'fhill sé ar an bhfeirm bhí an conraitheoir tar éis an fál sceach ar fad ar thaobh amháin den phlásán a thabhairt chun bealaigh agus go raibh sé ar tí an fál sceach ar an taobh eile. Is é a bhí san fhál sceach ná claífort a raibh crainn aibí ag fás ar a bharr agus d'áitigh an t-achomharcóir nach raibh cáilíocht mhaith ann agus gur bheag a fhiúntas d'ainmhithe agus d'éin. Dúirt an t-achomharcóir nach raibh aon tairbhe le baint as an fál sceach a thabhairt chun bealaigh agus go raibh sé sásta fál sceach eile a chur in ionad an chinn a tugadh chun bealaigh. Luaigh an t-achomharcóir cúinsí liachta mar fhoras chun achomharc a dhéanamh in aghaidh an phionóis.

Scrúdaigh an tOifigeach Achomhairc Téarmaí agus Coinníollacha REPS 3 agus Lámhleabhar an Fheirmeora a eisítear chuig gach feirmeoir an tráth a théann siad isteach sa scéim. Go háirithe, thug an tOifigeach Achomhairc an méid seo a leanas dá aire i leith íoc an deontais-i-gcabhair:
"Payment shall be made in respect ... and are farming in accordance with an agri-environmental plan.... in compliance with

- *All relevant EU requirements and national legislation*
- *The Department's Specification for Reps planners and*
- *The terms and conditions of the scheme."*

Bhreithnigh an tOifigeach Achomhairc Lámhleabhar an Fheirmeoir le haghaidh REPS agus, go háirithe, an méid seo a leanas:
"Under Measure 5

- *You must retain all field boundary features on all of the land farmed.*
- *You must retain hedgerows/stonewalls on all of the land farmed."*

Ní raibh aon díospóid ann maidir le cinneadh na Roinne á rá gur tugadh na fálta sceach chun bealaigh. Thug an tOifigeach Achomhairc go raibh na fálta sceach a tugadh chun bealaigh marcáilte le dath buí ar phlean REPS an achomharcóra agus, dá bhrí sin, gur tháinig siad faoi réim cheanglais Bheart 5.

Le linn forais an achomhairc a bhreithniú, is é sin, gur cuireadh an fál sceach isteach sa phlean de dhearmad, chinn an tOifigeach Achomhairc go bhfuil sé de dhualgas ar an bhfeirmeoir, i gcomhar leis an bpleanálaí, cruinneas na bpleananna a chinntiú. Thug an tOifigeach Achomhairc dá aire nár cuireadh in iúl don Roinn go raibh an léarscáil mícheart ó dháta tosaithe an achomharcóra sa bhliain 2006. Luaigh an tOifigeach Achomhairc gur leis an achomharcóir agus leis an bpleanálaí a bhaineann aon cheist faoi earráidí sa phlean.

Maidir le tabhairt chun bealaigh an dara fál sceach ar éiligh an t-achomharcóir ina leith gur thug conraitheoir chun bealaigh de dhearmad é, bhreithnigh an tOifigeach Achomhairc forais an achomhairc agus an fhianaise liachta a tíolacadh in éineacht leis an achomharc. Thug an tOifigeach Achomhairc dá aire gur thug conraitheoir an fál sceach chun bealaigh sa bhliain 2010 agus gur crainn aibí a bhí ann, rud a bhí soiléir ó fhianaise fhótagrafaíochta a tíolacadh. Níor ghlac an tOifigeach Achomhairc leis go bhféadfadh mearbhall a bheith ar an gconraitheoir maidir le slacht a chur ar an bhfál sceach agus é a thabhairt chun bealaigh. Cé gur glacadh leis nach raibh an t-achomharcóir i láthair nuair a rinneadh an obair, chinn an tOifigeach Achomhairc, dá ainneoin sin, go bhfuil an rannpháirtí freagrach as a chinntiú go gcomhlíontar ceanglais na scéime. Ina theannta sin, bhreithnigh an tOifigeach Achomhairc an fhianaise liachta a chuir an t-achomharcóir ar fáil. Tar éis don Oifigeach Achomhairc a thabhairt dá aire gur lean an t-achomharcóir de bheith ag obair ar shiúl ón bhfeirm agus gur fhostaigh sé conraitheoirí chun obair a dhéanamh ar an bhfeirm, níor mheas an tOifigeach Achomhairc go raibh baint ag na cúinsí liachta leis an neamhchomhlíonadh a sainaithníodh. Dícheadaíodh an t-achomharc.

Cás 7 Scéim na hAoníocaíochta (SPS) - Níotráití

I Meitheamh 2011, chuir an Roinn in iúl don achomharcóir go rabhthas chun smachtbhanna 20% a fhorchur ar a iarratais 2008 Scéim na hAoníocaíochta (SPS) agus na Scéime Liúntais Cúitimh do Limistéir faoi Mhíbhuntáiste (DAS) ós rud é gurbh é a bhí sa mhéid nítrigine orgánaí a bhí á tháirgeadh ar a thailte ná 363kg in aghaidh an heicteáir. Rinneadh achomharc in aghaidh an chinnidh sin ar an bhforas go raibh sé beartaithe ag an achomharcóir 400 tona d'aoileach clóis feirme (FYM) a onnmhairiú ach nach raibh sé in ann é sin a dhéanamh mar gheall ar dhrochaimsir i bhfómhar na bliana 2008 agus, chomh maith leis sin, mar gheall ar shrian tréada faoin Scéim chun Eitinn (TB) a Scriosadh i mí na Nollag 2008. Luadh go raibh an t-achomharcóir faoi bhun na teorann 250kg/ha (maolú) sa blianta 2006, 2007, 2009 agus 2010.

Ag an éisteacht ó bhéal, luaigh an Roinn gur eisíodh ráiteas eatramhach ar an 31 Lúnasa 2008, á rá go raibh 244kg in aghaidh an ha sroichte ag an achomharcóir. Luadh freisin go rabhthas tar éis an N Orgánach a táirgeadh thar thréimhse an tsriain TB a asbhaint ón ríomhaireacht ach gurbh ionann leibhéal an N Orgánach in aghaidh an ha don bhliain fhéilire 2008 agus 363 kg.

D'admhaigh comhairleoir an achomharcóra go ndeachthas thar an teorainn ach nach go hintinneach a chuathas thar an teorainn sa bhliain 2008. Luadh go raibh nithe seachtracha i gceist ós rud é go raibh sé beartaithe thart ar 400 tona a onnmhairiú ach, de bharr aimsire báistí agus mar gheall ar láib dá dhroim sin, nach raibh sé indéanta mar go bhfuil na tailte suite ar phríomhbhóthar. Bhí an t-achomharcóir ina dhéileálaí ceadúnaithe freisin agus ba dheacair eallach a dhíol an bhliain sin mar gheall ar phraghsanna ísle ar eallach.

Rinne an tOifigeach Achomhairc tagairt d'Ionstraim Reachtúil Uimh. 378 de 2006, is é sin, Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Dea-Chleachtas Talmhaíochta chun Uiscí a Chosaint) 2006, agus d'Ionstraim Reachtúil 101 de 2009. Ghlac an tOifigeach Achomhairc leis go raibh lamháltas déanta ag an Roinn maidir leis an tréimhse ar lena linn a bhí an tréad srianta faoin Scéim TB agus thug sé dá aire freisin go ndearnadh Ráiteas eatramhach Níotráití a eisiúint chuig an achomharcóir ar an 31 Lúnasa 2008. Thug an tOifigeach Achomhairc dá aire gur mhéadaigh an t-achomharcóir líon an stoic idir Meán Fómhair agus Nollaig na bliana 2008 agus go ndearnadh amhlaidh tar éis é a bheith curtha ar an eolas faoin leibhéal Níotráití don fheirm suas go dtí an 31 Lúnasa 2008.

Luaigh an tOifigeach Achomhairc gur tugadh fadú sa bhliain 2008 maidir le FYM a leathadh, is é sin fadú go dtí an 30 Samhain, agus go rabhthas in ann bóthar áitiúil a úsáid chun teacht ar chuid eile den fheirm ina raibh sé beartaithe an FYM a leathadh. Chinn an tOifigeach Achomhairc nach raibh forais leordhóthanacha maolaithe ann chun an pionós 20% a chur ar leataobh agus seasadh le cinneadh na Roinne. Dícheadaíodh an t-achomharc.

Cás 8 An Scéim um Fheirmeoireacht Orgánach (OFS) 2010

Thosaigh an t-achomharcóir ar OFS ar an 1 Samhain 2009. De réir an conartha go ndéanfaí méideanna íocaíochta a ríomh ar bhonn an limistéir cháilithe iomláin a dhearbhaítear in aghaidh na bliana. Bhí an dearbhú bliantúil le déanamh ar Fhoirm OFS2 ag deireadh gach bliana féilire agus le cur ar ais chuig an Roinn a luaithe is féidir dá éis sin. Faoin scéim, i gcás ina dtéitear i mbun feirmeoireacht bheostoic, déantar an limistéar a ndéantar íocaíocht ina leith a ríomh agus an líon aonad beostoic (LU) a shealbhaítear á chur san áireamh, agus is ionann gach 0.5 LU agus heicteár cáilitheach i gcomhair íocaíochta.

Fuair an Roinn Foirm OFS2 ón achomharcóir i bhFeabhra 2011 agus í sínithe chun a léiriú go raibh an fhaisnéis a bhí ann ceart. Fuarthas amach go raibh an fhoirm mícheart mar go ndearna an t-achomharcóir ródhearbhú maidir leis na haonaid bheostoic ar an bhfeirm don bhliain 2010, rud a d'fhág gur mhó an limistéar cáilitheach a bhí ann. Scríobh an Roinn chuig an achomharcóir agus chuir sí in iúl dó, ar bhonn an Dlúis Stocála a aimsíodh, go ndéileálfaí le ró-éileamh i ndáil le limistéar cáilithe de réir rialacha IACS. Dá bhrí sin, cuireadh pionós i bhfeidhm mar gheall ar ró-éileamh rud a d'fhág nach mbeadh aon chabhair iníoctha don bhliain 2010.

Dúirt an t-achomharcóir gur mheas sé go raibh sé i dteideal íocaíocht pro rata a fháil don bhliain 2010. D'admhaigh sé go raibh an Fhoirm OFS2 mícheart.

Le linn an cás a bhreithniú, thug an tOifigeach Achomhairc aird ar Théarmaí agus Coinníollacha na scéime, ar an reachtaíocht iomchuí AE agus ar rialacha an cheartais aiceanta. Is é an 11 Lúnasa 2007 an dáta a bhí ar na Téarmaí agus Coinníollacha iomchuí a bhí infheidhme maidir le Conradh an achomharcóra. Bhí mionsonraí faoin bpionós a forchuireadh sa chás seo le fáil in Airteagal 16 de Rialachán Uimh. 1975/2006 ón gCoimisiún agus, dá réir sin, ceanglaítear mar a leanas:" [where] *the area declared for payment... exceeds the area determined... - if the difference is more than 20% of the area determined, no aid shall be granted for the area – related measure concerned*". Ach, maidir le sceideal na bpionós atá sna Téarmaí agus Coinníollacha iomchuí, ní raibh aon tagairt iontu d'Airteagal 16 de Rialachán 1975/2006 ón gCoimisiún. I dTéarmaí agus Coinníollacha 2007, ceadaíonn sceideal na bpionós aisíoc na ró-íocaíochta de bharr dearbhaithe mhíchirt ach, ós rud é nár íocadh íocaíocht OFS 2010 leis an achomharcóir, níor bhain ró-íocaíocht le hábhar.

Chinn an tOifigeach Achomharc go raibh sé níos cothroime íocaíocht pro rata a thabhairt don achomharcóir i leith an limistéir chirt de réir ma a bhí cinnte ag an Roinn ar bhonn an Chórais Sainaitheanta & Aistrithe Ainmhithe (AIM) don bhliain 2010. Ceadaíodh an t-achomharc go páirteach.

Cás 9 Scéim na hAoníocaíochta (SPS)

Fuarthas iarratas faoi SPS 2010 i leith 18.09 ha talaimh. Cuireadh talamh breise ina raibh 14.17ha leis sin ar mhodh foirme leasaithe ar dháta níos déanaí, rud a d'fhág go raibh 32.26ha talaimh ann. Cuireadh in iúl don achomharcóir nach raibh a chuid teidlíochtaí feidhmithe aige agus nach raibh 6.18 teidlíocht chaighdeánach (NR) úsáidte aige thar an tréimhse 2009 agus 2010 agus, dá bharr sin, go rachadh siad ar ais chuig an gCúlchiste Náisiúnta.

Ag an éisteacht ó bhéal, mhínigh an t-achomharcóir go bhfuil teidlíochtaí aige lena ngabhann luachanna éagsúla. Bhí talamh breise aige ar cíos le tamall de bhlianta anuas agus ní i gcónaí a bhíonn dóthain talaimh aige chun a chuid teidlíochtaí go léir a éileamh. Dúirt sé nach raibh a fhios aige go bhféadfadh sé athrú a dhéanamh ar an ord ina n-íoctar teidlíochtaí chun a chinntiú go bhfeidhmeofaí gach ceann acu thar an tréimhse dhá bhliain.

Le linn an cás a bhreithniú, thug an tOifigeach Achomhairc aird ar Rialacháin an AE, ar na Téarmaí agus na Coinníollacha agus ar phrionsabail an cheartais aiceanta. Baineann na ceanglais atá leagtha amach faoi Théarmaí agus Coinníollacha 2010 leis an gcás seo go háirithe agus luaitear an méid seo a leanas i Mír 22: 'Payment on National Reserve entitlements in 2010 (Standard (NR) entitlements)' that *"A two year usage rule now applies to Standard (NR) entitlements. The usage of Standard (NR) entitlements will be rotated in the same way as Standard entitlements (see 24 below)".*

I Mír 24 dar teideal 'Maximise your entitlements payment in 2010' luaitear an méid seo a leanas *"Entitlements of all types not used in 2009 must be used in 2010 otherwise they will be lost to the National Reserve".*

Roimh an mbliain 2009, bhí tosaíocht níos airde ag teidlíochtaí Cúlchiste Náisiúnta ná mar a bhí ag teidlíochtaí caighdeánacha agus, dá bhrí sin, íocadh iad sula n-íocfaí teidlíochtaí caighdeánacha. Tháinig athrú air sin sa bhliain 2009 nuair a tugadh tosaíocht do theidlíochtaí is airde luach mura rud é go n-iarrfadh an feirmeoir go n-athrófaí an t-ord íocaíochta. B'ionann sin agus a rá go n-íocfaí teidlíochtaí caighdeánacha sula n-íocfaí teidlíochtaí Cúlchiste Náisiúnta. De bhreis air sin, b'éigean teidlíochtaí a úsáid thar thréimhse dhá bhliain, sin nó rachadh siad ar ais chuig an gCúlchiste Náisiúnta.

Ar an bhfoirm réamhchlóite SPS 2010, cuireadh in iúl don achomharcóir go gcaillfí na 6.18 teidlíocht chaighdeánach (NR) mura n-úsáidfí iad sa bhliain 2010 agus tugadh rogha dó ord íoca na dteidlíochtaí a athrú i gcolún 7 den fhoirm iarratais. Níor athraigh an t-achomharcóir an t-ord íoca nuair a bhí foirm iarratais na hAoníocaíochta á cur isteach aige ar an dáta deiridh, is é sin, an 17 Bealtaine 2010, ná níor athraigh sé an t-ord íoca aon tráth eile ina dhiaidh sin. Ós rud é nár athraigh an t-achomharcóir an t-ord íoca, ba léir nach bhfuair sé íocaíocht níos airde sa bhliain 2010 ar bhonn tosaíocht a thabhairt do theidlíochtaí is airde luach agus is é a lean as sin freisin ná go ndeachaigh teidlíochtaí caighdeánacha (NR) ab ísle luach ar ais chuig an gCúlchiste Náisiúnta mar nár dhearbhaigh sé dóthain talaimh chun go bhféadfaí na teidlíochtaí go léir a chur i bhfeidhm.

Chinn an tOifigeach Achomhairc nár athraigh an t-achomharcóir an t-ord íoca chun a theidlíochtaí caighdeánacha (NR) a chosaint. Dícheadaíodh an t-achomharc.

Cás 10 An Scéim um Chaomhnú an Chomhshaoil Faoin Tuath (REPS) 4

Tar éis iniúchadh ar-fheirm a dhéanamh, forchuireadh pionós 50% faoi Bheart 3 ós rud é nach raibh sruthchúrsa stocdhíonach ar lá an iniúchta.

Ag an éisteacht ó bhéal, luaigh an tOifigeach Iniúchta gur cuireadh an pionós i bhfeidhm de réir sceideal pionós REPS 4 agus go raibh sé i gcomhréir le fad an tsruthchúrsa nach raibh fálaithe. Dúirt sé go mbeadh bliain amháin ag rannpháirtithe nua chun cosc a chur ar bhó-ainmhithe rochtain a fháil ar na sruthchúrsaí agus go raibh níos mó ná bliain den chonradh REPS curtha isteach ag an achomharcóir faoin am a rinneadh an t-iniúchadh (ba é an 1 Meitheamh 2009 dáta tosaithe an chonartha). Thug sé dá aire gur eisíodh litir chuig gach rannpháirtí REPS ar an 13 Iúil 2010, is é sin, mí amháin roimh an iniúchadh, á rá nach mór fálta buana a bheith ann ar feadh ré chonradh REPS is cuma an raibh nó nach raibh beostoc ann. Ar lá an iniúchta, thug sé dá aire nach raibh aon stoc ann sa pháirc, go raibh an talamh oiriúnach d'innealra a bheadh ag taisteal air agus nach raibh aon fhianaise ar fhálúchán a bheith ar siúl i.e. cuaillí.

Dúirt an pleanálaí REPS gur críochnaíodh an tasc faoi dheireadh bhliain 1 i.e. an 31 Nollaig 2010 ós rud é gurb é an 1 Eanáir an cothromdháta agus nach bhfuarthas an litir a fuarthas ar an 13 Iúil 2010, ar litir é a ghlac ionad shonraíocht REPS 4, go dtí go gairid roimh an iniúchadh. De réir na litreach, bhí ceanglas ann go mbeadh na fálta buana ann ar feadh ré chonradh REPS ach, de réir na sonraíochta, ní raibh sé de cheangal ach amháin ar rannpháirtithe nua sa scéim toirmeasc a chur ar bhó-ainmhithe rochtain a fháil ar shruthchúrsaí faoi dheireadh na chéad bhliana. Thug an pleanálaí REPS dá aire go raibh fálta sealadacha ceadaithe faoi chláir REPS roimhe sin ach gur leag an litir seo béim ar fhálta buana. Dúirt an pleanálaí REPS gur pionós crua a bhí ann mar go raibh an chuid den fhad iomlán (2732m) a bhí le fálú (274m) gairid agus go mbeadh sé níos cothroime dá mbeadh na hualuithe a bhí á gcur i bhfeidhm i gcomhréir leis an gcéatadán nach raibh fálaithe seachas i gcomhréir leis an bhfad nach raibh fálaithe.

Dúirt an t-achomharcóir go raibh an conraitheoir tar éis tús a chur le fálú cuid dheacair timpeall an tí sula bhfuarthas an litir. Dúirt sí gur conraitheoir sadhlais an conraitheoir freisin agus nach raibh sé ann go seasmhach agus gur tuigeadh, dá ainneoin sin, go raibh go dtí deireadh na bliana féilire acu chun an obair a chríochnú. Dúirt sí gur ghá na draenacha a ghlanadh freisin roimh fhálú a dhéanamh agus go raibh conraitheoir eile i gceist leis sin, rud a chuir leis an moill.

Sa litir a d'eisigh Rannán na nDéanmhas Talmhaíochta chuig gach rannpháirtí REPS 4, dar dáta an 13 Iúil 2010, luaitear an méid seo a leanas: *"as a participant in REPS 4, please be aware that fences such as those required for habitats, boundaries and watercourses must be permanently in place for the duration of your REPS, regardless of the presence of livestock. Any exception to the above must be clearly detailed in your REPS plan."*

Sular eisíodh an fógra sin, d'admhaigh an Roinn gur ghlac siad lena raibh luaite sa tSonraíocht do Phleanálaí REPS ina ndéantar tagairt don mhéid seo a leanas: *"For first time REPS participants, access by bovines to within 1.5 metres of watercourses must be prohibited before the end of the first year of the plan and thereafter..."*.

Sa chás seo, tharla an t-iniúchadh thart ar 4 seachtaine tar éis eisiúint litir mhí Iúil agus, faoin am sin, bhí 90% den obair críochnaithe. Bhí amscála go dtí deireadh na chéad bhliana ann sa tsonraíocht REPS agus is léir go raibh mearbhall ann faoin dáta áirithe sin i.e. an lá roimh do chothromdháta (an 31 Nollaig 2010) nó 12 mhí tar éis thosach an chonartha (an 31 Bealtaine 2010). Ós rud é nach raibh soiléiriú ann ina leith sin, d'fhéadfaí a mheas go raibh ceachtar dáta i gceist agus, sa chás seo, thuig an t-achomharcóir gurbh é an 31 Nollaig 2010 a bhí i gceist. Ba é a bhí i gcinneadh an Oifigigh Achomhairc ná, aon uair a tharlaíonn athrú suntasach ar na ceanglais, gur ceart tréimhse cairde a bheith ann chun ligean d'iarratasóirí an ceanglas lena mbaineann a chomhlíonadh. Ceadaíodh an t-achomharc.

Cás 11 An Scéim um Chaomhnú an Chomhshaoil Faoin Tuath (REPS) 3

Tar éis iniúchadh ar-fheirm a dhéanamh, rinneadh dhá phionós 10% an ceann a fhorchur faoi Bheart 1 ós rud é nár úsáideadh an cainníocht aoil a bhí molta agus go ndeachthas thar an nítrigin orgánach (N) a bhí beartaithe. Luadh sa phlean iomchuí gurbh é a bhí sa mhéid aoil a bhí ag teastáil ná 47.02 tona cé gur taispeánadh, de réir na hadmhálacha agus na leathán taifead a cuireadh ar fáil, nár úsáideadh ach 40 tona. I gcás N orgánach, bhí sé os cionn an lamháltais de mhéid is mó ná 10%, mar gur thaispeáin figiúirí Bhliain 2 gur úsáideadh 13,385.5 kg a bhfuarthas 4,000kg de ó chomharsa cé gur luaigh plean an achomharcóra go raibh uasmhéid 9,039kg ceadaithe.

Ghlac an t-achomharcóir leis nach bhfuarthas ach 40 tonna aoil agus nár leathadh ach an méid sin ach d'áitigh sé nach ndearna sé aon rud a dhéanfadh dochar don timpeallacht. Cuireadh isteach plean leasaithe chun léiriú a dhéanamh ar athruithe sa chóras feirmeoireachta nuair a tugadh isteach sadhlas gráin. Luaigh pleanálaí an achomharcóra déine an phionóis i gcomparáid leis an bpionós a fhorchuirtear ar iarratasóir nach leathann aon chuid den aol is gá a leathadh. Maidir leis an N orgánach, dúirt an t-achomharcóir go bhfuair sé sciodar ó chomharsa a bhí stocáilte go dian. Luadh nach ndeachthas thar an teorainn do níotráití agus nár tharla aon truailliú mar gur 13,741.35kg a bhí i bpoitéinseal an talaimh i gcomhair N orgánach.

I Mír 27 de Théarmaí agus Coinníollacha Dhoiciméad REPS, dar dáta an 5 Feabhra 2004, luaitear an méid seo a leanas: *"It shall be the responsibility of the applicant to familiarise him/herself with his/her agri-environmental plan, the REPS Farmer's Handbook and those Scheme Terms and Conditions and with the consequences for breaches of the Scheme"*. Le linn iarratas a dhéanamh ar chead isteach i Scéim REPS síníonn iarratasóir dearbhú a luaitear an méid seo a leanas i mír (ii) de:)*"I have read and agree to be bound by the terms and conditions of the Rural Environment Protection Scheme*" agus tá an méid seo a leanas ann i mír (iv): *"I hereby undertake to carry out my farming activities in accordance with my Agri-Environmental Plan and the Department's Agri-environmental Specifications"*. Dá bhrí sin, aontaíonn an t-iarratasóir eolas a chur ar a bPlean REPS agus feirmeoireacht a dhéanamh de réir na sonraíochtaí atá leagtha amach sa phlean sin.

Maidir leis an gceanglas i ndáil le haol, ghlac an t-achomharcóir leis nár leath sé an méid riachtanach agus, dá bhrí sin, nár chomhlíon sé ceanglais phlean REPS. Níl aon fhoráil ann i REPS 3 (murab ionann agus REPS 4) maidir le scála céimnithe a chur i bhfeidhm i leith pionós. Maidir leis an N orgánach, cé go raibh an t-iarratasóir laistigh de na teorainneacha do phoitéinseal a dtalaimh féaraigh i dtaca le dramh ainmhithe agus dramh eile a ghlacadh, tá sé de dhualgas ar an rannpháirtí REPS agus ar a phleanálaí plean leasaithe a chur ar fáil ar mhodh tráthúil chun aon athruithe a léiriú. Measadh nach raibh sé inghlactha plean leasaithe a chur ar fáil don Roinn beagnach 14 mhí tar éis an teagmhais. Dícheadaíodh an t-achomharc.

Cás 12 An Scéim um Leas, Taifeadadh agus Síolrú Ainmhithe (An Scéim um Leas Bó Diúil)

Bhí an t-achomharcóir ina rannpháirtí sa Scéim um Leas Bó Diúil sa bhliain 2009 agus bhí 13 ainmhithe cláraithe. I Meitheamh 2010, chuir an Roinn in iúl don iarratasóir go raibh 13 lao neamhcháilithe i gcomhair íocaíochta ós rud é go ndearnadh na laonna go léir a bhaint de dhiúl ar an dáta céanna de shárú ar Théarmaí agus Coinníollacha na scéime. Iarradh athbhreithniú ar an gcinneadh ach sheas an Roinn lena cinneadh. Rinneadh achomharc faoin ábhar ansin chuig an Oifig Achomhairc Talmhaíochta. Sa litir achomhairc, ghlac an t-achomharcóir leis go ndearnadh na laonna go léir a bhaint de dhiúl ar an dáta céanna.

Is é an teideal atá ar mhír 8.5.2 de Théarmaí agus Coinníollacha na Scéime um Leas Bó Diúil ná Scoitheadh Céimnithe agus luaitear an méid seo a leanas inti:

"Ní cheadaítear scoitheadh grod na n-ainmhithe go léir ag an am céanna.

- *I gcás tréada ina bhfuil níos mó ná 10 mbó diúil, caithfear próiseas scoite céimseach a leanúint, agus is iad seo a leanas na próisis a cheadaítear*

- *Sa ghort: Coinnítear ba agus laonna an tréada i ngort a bhfuil claí ceart timpeall air agus a bhfuil soláthar maith féir ann (nó go dtugtar foráiste breise) agus ina bhfuil bacpholl beatha thacúil do laonna. Caithfear laonna a scoitheadh in dhá ghrúpa ar leith ar a laghad agus caithfear gach grúpa a thógáil amach gach cúig lá ar a laghad. Caithfear an chéad grúpa ba a thógáil amach agus ligean dá laonna fanacht leis an gcuid eile den tréad. Modh eile ná fál leictreach le cumhacht láidir ann a chur idir na ba agus na laonna (d'fhéadfadh suas le 3 shraith a bheith ag teastáil). I ndiaidh cúpla lá féadfar na ba a thógáil go dtí áit eile. Arís caithfear na ba a scoitheadh in dhá ghrúpa ar leithligh ar a laghad.*

- *Laistigh: Coinnítear laonna i gcró in aice leis na ba agus bíonn teacht acu ar na ba seo. Caithfear laonna a scoitheadh in dhá ghrúpa ar leith ar a laghad agus caithfear gach grúpa a thógáil amach gach cúig lá ar a laghad. Caithfear an chéad grúpa ba a thógáil amach agus ligean dá laonna fanacht leis an gcuid eile den tréad. Ba chóir ba atá le ciondíothú agus ba atá i ndroch-bhail (m.sh. ba óga nó seanbha) a scoitheadh ar dtús agus na ba a bhreitheann go déanach agus atá i ndea-bhail coirp a fhágáil go dtí an deireadh.*

Caithfear an Dáta Scoite a thaifeadadh sa Chóras Imeachtaí Ainmhithe."

Thug an tOifigeach Achomhairc dá aire gur fhreastail an t-achomharcóir ar chúrsa oiliúna faoin Scéim um Leas Bó Diúil sa bhliain 2009, ar cúrsa é a bhí ann go gairid sular cuireadh tús le beathú mine a thabhairt do na laonna. Chinn an tOifigeach Achomhairc go raibh an t-achomharcóir tar éis mír 8.5.2 de Théarmaí agus Coinníollacha na Scéime a shárú ós rud é gur scoith sé na 13 lao ar fad de dhiúl ar an lá céanna. Dícheadaíodh an t-achomharc.

Cás 13 An Scéim Luathscoir (ERS 2) 2000

Glacadh an t-iarratasóir isteach sa Scéim Luathscoir (ERS 2) 2000 agus ba é an 21 Nollaig 2006 an dáta tosaithe a bhí ann. Sa bhliain 2011, chuir an Roinn in iúl don iarratasóir gur mheas an Roinn, mar thoradh ar dhóthain fianaise doiciméadaí ar a thaithí feirmeoireachta sa tréimhse 10 mbliana ó 1996 go 2006, nach raibh sé cáilithe i gcomhair íocaíochtaí faoin scéim agus cuireadh in iúl dó freisin go raibh na híocaíochtaí go léir a bhí déanta go dtí sin le tabhairt ar ais. Rinneadh achomharc faoin gcinneadh ina dhiaidh sin chuig an Oifig Achomhairc Talmhaíochta.

Ag an éisteacht ó bhéal, luaigh an Roinn go raibh sé d'oibleagáid ar an Roinn, mar gheall ar iniúchadh a rinne Coimisiún an AE, na hiniúchóirí a shásamh maidir le fad riachtanach na taithí feirmeoireachta a bheith ag na rannpháirtithe go léir i gcomhréir le mír 5.7 de Théarmaí agus Coinníollacha na scéime. I gcás an achomharcóra, ní raibh an Roinn sásta go raibh fianaise dhoiciméadach ann ar fheirmeoireacht a bheith ar siúl ag an achomharcóir le linn 2 bhliain de na 10 mbliana.

Mar fhreagra air sin, dúirt an t-achomharcóir nach raibh aon cheanglas ann, faoi Théarmaí agus Coinníollacha na scéime, fianaise dhoiciméadach a thabhairt ar aird. Thagair an t-achomharcóir freisin don mhéid mór doiciméad a bhí curtha ar fáil aige mar thacaíocht lena achomharc, rud a léirigh go raibh feirmeoireacht ar siúl aige le linn an 2 bhliain a bhí i dtrácht.

Le linn an cás a bhreithniú, thug an tOifigeach Achomhairc aird ar Rialacháin an AE lena rialaítear an scéim de réir mar atá leagtha amach sna Téarmaí agus Coinníollacha agus ar phrionsabail an cheartais aiceanta. Is é atá i dteideal Roinn 5 de na Téarmaí agus Coinníollacha ná 'Duine atá Incháilithe chun Iarratas a dhéanamh ar Phinsean' agus luaitear an méid seo a leanas inti: "*To become eligible for a pension, the applicant shall on the date the completed application is received in the Department: (Paragraph 5.7); have farmed either solely or with a family member for the 10 years prior to the signing of the transfer/conveyance or operative date of lease...*"

Is é atá i dteideal Aguisín IV de na Téarmaí agus Coinníollacha ná 'Doiciméid Tacaíochta atá le soláthar in éineacht le hIarratas ar Luathscor (ERS ") 2000'. Is é atá i nDoiciméad 5 nach mór don Iarratasóir/Aistreoir a thabhairt ná 'Daingniú ó Chomhairleoir Talmhaíochta/Sainchomhairleoir Talmhaíochta maidir le Feirmeoireacht a bheith ar siúl i rith na 10 mbliana roimhe sin (Foirm ER2)'.

Ba é a chinn an tOifigeach Achomhairc ná, tráth a iarratais ar an ERS2, go raibh na critéir go léir maidir leis an iarratas atá leagtha amach i dTéarmaí agus Coinníollacha na scéime comhlíonta ag an achomharcóir. Tar éis don Oifigeach Achomhairc na doiciméid a bhí curtha ar fáil a bhreithniú, chinn sé go raibh dóthain fianaise ann chun a léiriú go raibh an t-achomharcóir i mbun feirmeoireachta i rith an 2 bhliain a bhí i dtrácht. Ceadaíodh an t-achomharc.

Cás 14 An Scéim um Chaomhnú an Chomhshaoil Faoin Tuath (REPS) 4

Cuireadh tús le conradh REPS 4 an achomharcóra i Meitheamh 2008. I mí Iúil 2010, rinneadh iniúchadh ar-fheirm agus forchuireadh pionós 15% mar gheall ar neamh-chomhlíonadh Théarmaí agus Coinníollacha REPS 4 sa mhéid go ndeachaigh an t-achomharcóir 20% thar an teorainn bheartaithe nítrigine orgánaí (N).

Rinneadh achomharc in aghaidh an chinnidh ar an bhforas nach ndeachaigh an t-achomharcóir thar na teorainneacha N orgánach, ná nár mhéadaigh sé na teorainneacha sin, mar gur fhan na teorainneacha ag leibhéal measartha seasmhach gach bliain, is é sin, thart ar 6572kg. Bhí iarratas REPS ann a cuireadh isteach agus figiúr orgánach mícheart ann, is é sin, 5470kg, ar figiúr é a bhí thart ar 20% níos ísle ná figiúr N orgánach iarbhír an achomharcóra. Ní raibh an t-achomharcóir ró-stocáilte agus ní raibh aon léiriú ar laghdú stoic ann ina bplean.

Ag an éisteacht ó bhéal luaigh Cigire na Roinne go ndearnadh iniúchadh agus go bhfuarthas amach go raibh an figiúr N orgánach níos mó ná 20% os cionn an fhigiúir a bhí beartaithe agus gur forchuireadh pionós 15% faoi Théarmaí agus Coinníollacha REPS 4.

Luaigh an t-achomharcóir arís na pointí a bhí luaite ina litir achomhairc agus dúirt sé go raibh talamh breise ar cíos aige nach raibh aon chreidiúint á tabhairt ina leith. Luaigh an t-achomharcóir nach raibh aon chiall leis an bpionós agus go raibh aiféala air anois gur chláraigh sé le REPS 4. Dúirt an pleanálaí REPS gur ball nua de REPS é an t-achomharcóir agus nach raibh sé rannpháirteach in aon cheann de na scéimeanna roimhe sin. Dúirt an pleanálaí freisin gur scéim nua í REPS 4 agus go raibh pleanálaithe faoi bhrú agus go ndearnadh botúin. Ghlac an pleanálaí leis go ndeachthas thar an bhfigiúr beartaithe do N orgánach ach ní dheachthas thar an bhfigiúr don fheirm ós rud é go raibh talamh faighte ar cíos ag an achomharcóir.

Thug an tOifigeach Achomhairc le fios gurbh iad an t-achomharcóir agus a bpleanálaí REPS a leag síos na teorainneacha. Luaigh an tOifigeach Achomhairc sliocht as Roinn 11.2 de Théarmaí agus Coinníollacha REPS 4 agus, chomh maith leis sin, luaigh sé sliocht as plean leasaithe REPS 4 an achomharcóra ina raibh figiúr iomlán do tháirgeadh réamh-mheasta Nítrigine, is é sin, 5470kg. Ós rud é go raibh an Nítrigin Orgánach níos mó ná 20% os cionn na teorann a bhí beartaithe, seasadh leis an gcinneadh chun pionós a fhorchur faoi Théarmaí agus Coinníollacha REPS 4 agus dícheadaíodh an t-achomharc.